AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.7.2021
COM(2021) 424 final

2021/0242 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus bainistíochta chun an Tuinnín Gorm Deisceartach a Chaomhnú**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Is é is cuspóir don togra seo na bearta rialaithe, caomhnaithe agus bainistíochta ábhartha arna nglacadh ag an gCoimisiún um an Tuinnín Gorm Deisceartach a Chaomhnú (CCSBT), a thrasuí i ndlí an Aontais. Is é CCSBT an eagraíocht réigiúnach bainistithe iascaigh (ERBI) atá freagrach as an tuinnín gorm Deisceartach a bhainistiú (*Thunnus maccoyii* – SBF trína limistéar dáileacháin. Tá sainordú ag CCSBT bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe a ghlacadh le haghaidh na n-iascach atá faoina chúram, agus tá na bearta sin ceangailteach ar a pháirtithe conarthacha.

Ní dhéantar foráil sa Choinbhinsiún um an Tuinnín Gorm Deisceartach a Chaomhnú (an Coinbhinsiún) maidir le haontachas eagraíochtaí réigiúnacha eacnamaíocha comhtháthaithe, amhail an tAontas Eorpach. Chun comhar a chur chun cinn i gcaomhnú agus i mbainistíocht an tuinnín ghoirm Dheisceartaigh, tá an Coimisiún Méadaithe um Chaomhnú an Tuinnín Ghoirm Dheisceartaigh (an Coimisiún Méadaithe) cruthaithe ag CCSBT, inar féidir leis an Aontas a bheith rannpháirteach mar chomhalta. Maidir leis na cinntí a ghlacann an Coimisiún Méadaithe, is é a bhíonn iontu, ag deireadh an tseisiúin chuig a dtuairiscítear iad, cinntí de chuid CCSBT, mura gcinneann CCSBT a mhalairt, rud nár tharla riamh go dtí seo.

Faoi Airteagal 5(1) agus Airteagal 8(7) den Choinbhinsiún, arna gcomhlánú le mír 6 de Rún CCSBT chun Coimisiún Méadaithe agus Coiste Eolaíoch Méadaithe a Bhunú, tá na hoibleagáidí céanna ar chomhaltaí den Choimisiún Méadaithe agus atá ar chomhaltaí CCSBT; ní mór dóibh dá bhrí sin cloí le cinntí CCSBT agus ranníocaíochtaí airgeadais a dhéanamh leis. Tá an tAontas ina chomhalta den Choimisiún Méadaithe ó bhí 2015 ann.

Murab ionann le CMManna eile ina bhfuil an tAontas páirteach, níl aon soitheach iascaireachta ag an Aontas a dhíríonn ar an tuinnín gorm Deisceartach agus níor thuairiscigh sé ach foghabhálacha de thaisme den speiceas seo san am atá thart agus níor thuairiscigh siad aon fhoghabháil ó 2012. Mar sin féin, tá sé fós iomchuí cloí le bearta CCSBT a bhaineann le gníomhaíochtaí agus le saintréithe chabhlach an Aontais agus leis an trádáil sa tuinnín gorm Deisceartach.

Forluíonn limistéar dáileacháin an tuinnín ghoirm Dheisceartaigh, áit is eol go mbíonn an speiceas seo ann, le limistéar an Choimisiúin um Thuinníní an Aigéin Indiaigh[1], limistéar an Choimisiúin Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir[2] agus limistéar an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú[3]. Thuairiscigh cabhlach spiléireachta an Aontais a dhíríonn ar thuinníní trópaiceacha agus speicis atá cosúil le tuinníní foghabhálacha teoranta den tuinnín gorm Deisceartach sna limistéir sin.

---

[1] Cinneadh 95/399/CE ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 1995 maidir le haontachas an Chomhphobail leis an gComhaontú maidir leis an gCoimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh a bhunú (IO L 326, 5.10.1995, lch. 24).

[2] Cinneadh 2005/75/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 2004 maidir le haontachas an Chomhphobail leis an gCoinbhinsiún maidir le Stoic Éisc Mhórimirceacha san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir a Chaomhnú agus a Bhainistiú (IO L 32, 4.2.2005, lch. 1).

[3] Cinneadh 86/238/CEE ón gComhairle an 9 Meitheamh 1986 maidir le haontachas an Chomhphobail leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú, arna leasú leis an bPrótacal atá i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach Chomhdháil Lánchumhachtaigh na Stát is Páirtithe sa Choinbhinsiún arna shíniú i bPáras an 10 Iúil 1984 (IO L 162, 18.6.1986, lch. 33).

Dréachtóidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, treoirlínte caibidlíochta bunaithe ar chomhairle eolaíoch agus ar shainordú 5 bliana a bhunaítear le Cinneadh ón gComhairle. I gcomhréir leis an sainordú, cuirtear na treoirlínte sin i láthair, déanann meitheal na Comhairle iad a phlé agus a fhormhuiniú; agus déantar iad a choigeartú a thuilleadh, chun forbairtí fíor- ama a chur san áireamh, ar imeall cruinnithe comhordaithe le Ballstáit arna reáchtáil ag cruinnithe bliantúla CCSBT. Tagann an Coimisiún, an Chomhairle agus ionadaithe na bpáirtithe leasmhara le chéile i gcruinnithe bliantúla Thoscaireacht an Aontais chuig CCSBT.

Glactar le gach beart CCSBT trí chomhthoil. Níl nós imeachta agóide i bhfeidhm ag CCSBT.

Cé go bhfuil sé dírithe go príomha ar na páirtithe conarthacha, cuireann bearta CCSBT oibleagáidí ar oibreoirí freisin (e.g. máistrí soithigh).

Tá an togra seo teoranta do bhearta CCSBT a bhfuil feidhm acu maidir leis an Aontas, ag tabhairt san áireamh sainiúlacht agus gníomhaíochtaí a chabhlaigh (gan aon iascaireacht dhírithe, foghabhálacha de thaisme amháin san am atá thart ach nár tuairiscíodh aon fhoghabháil mar sin le gairid, gan aon trasloingsithe ná tabhairt i dtír) agus an trádáil sa tuinnín gorm Deisceartach, mar a leasaíodh ag cruinnithe bliantúla CCSBT. Ní mór don Aontas a áirithiú go gcomhlíonfar na bearta sin, ar oibleagáidí idirnáisiúnta iad, a luaithe a thiocfaidh siad i bhfeidhm. Tá an togra seo ceaptha, dá bhrí sin, chun an leagan is déanaí de bhearta CCSBT a chur chun feidhme agus chun sásra a bhunú chun iad a chur chun feidhme amach anseo. Sa chleachtas, ní spreagfar formhór na n-oibleagáidí ach amháin má dhéanann cabhlach an Aontais foghabháil de thaisme ar an tuinnín gorm Deisceartach, rud nár tharla ó 2012, agus go gcoinníonn siad na héisc sin ar bord, rud nár tuairiscíodh go dtí seo.

An próiseas lena ndéantar bearta arna nglacadh ag ERBInna a chur chun feidhme i ndlí an Aontais, ón gcéad dréacht- togra ón gCoimisiún go dtí go nglacfaidh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa gníomh críochnaitheach, maireann sé ar feadh 18 mí ar an meán. Áirithítear le cumhachtaí tarmligthe go mbeidh an tAontas in ann bearta a chur chun feidhme go tapa a rachaidh chun tairbhe do chabhlach an Aontais, lena gcuirfear feabhas ar an gcothroime iomaíochta agus lena dtacófar a thuilleadh le bainistíocht inbhuanaithe fhadtéarmach stoc.

Déantar foráil sa togra seo maidir le cumhachtaí tarmligthe a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 290 CFAE, chun freastal ar leasuithe ar bhearta CCSBT agus chun a áirithiú go mbeidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais ar comhchéim le soithí iascaireachta de chuid na bpáirtithe conarthacha eile. I measc na mbeart sin tá: Taifead CCSBT ar Shoithí atá Údaraithe chun an Tuinnín Gorm Deisceartach a Iascach; bearta CCSBT um Speiceas atá Gaolmhar ó thaobh na héiceolaíochta de a ailíniú le bearta ERBInna tuinnín eile; agus spriocdhátaí tuairiscithe.

Maidir leis na spriocdhátaí tuairiscithe a leagtar amach sa togra seo, tá siad bunaithe ar spriocdhátaí i mbearta CCSBT, ionas gur féidir leis an Aontas tuarascálacha a chur faoi bhráid Rúnaíocht CCSBT go tráthúil.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Déantar forálacha eile de dhlí an Aontais sa réimse sin a chomhlánú leis an togra seo, agus tá an togra comhsheasmhach leis na forálacha sin. Suitear maoluithe ó ghníomhartha atá ann cheana i gcásanna áirithe, áfach, mar gheall ar a bhfuil i gceist leis na bearta níos sonraí atá beartaithe.

Tá an togra seo i gcomhréir le Cuid VI (Beartas Seachtrach) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an gcomhbheartas iascaigh (CBI)[4]. Déantar forail leis seo go seolfaidh an tAontas a iascaigh sheachtracha i gcomhréir lena oibleagáidí idirnáisiúnta, lena mbeidh gníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais bunaithe ar chomhar iascaigh réigiúnaigh, agus lena dtabharfar páirt don Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach chun comhlíonadh a áirithiú.

Déantar Rialachán (AE) 2017/2403[5] maidir le bainistiú a dhéanamh ar chabhlaigh sheachtracha a chomhlánú leis an togra, lena bhforáiltear go bhfuil soithí iascaireachta an Aontais faoi réir liosta údaruithe iascaireachta faoi choinníollacha agus rialacha ERBI atá i gceist, agus Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008[6] ón gComhairle maidir le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN).

Ní chumhdaítear deiseanna iascaireachta le haghaidh an Aontais arna gcinneadh ag CCSBT leis an togra seo. Faoi Airteagal 43(3) CFAE, tá sé de shaincheart ag an gComhairle bearta a ghlacadh maidir le praghsanna, tobhaigh, cúnamh agus teorainneacha cainníochtúla, agus maidir le deiseanna iascaireachta a shocrú agus a chionroinnt.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Neamhbhainteach.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 43(2) CFAE toisc go leagtar amach leis forálacha maidir le cuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh a bhaint amach.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Ós rud é go dtagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais (Airteagal 3(1)(d) CFAE), níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Áiritheofar leis an togra go bhfuil dlí an Aontais i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta arna nglacadh ag CCSBT agus go gcomhlíonann an tAontas na cinntí a dhéanann RFMO a bhfuil sé ina pháirtí conarthach ann. Ní théann an togra thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

---

[4] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

[5] Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle (IO L 347, 28.12.2017, lch. 81).

[6] Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1936/2001 agus (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1093/94 agus (CE) Uimh. 1447/1999 (IO L 286, 29.10.2008, lch. 1).

Is Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle í an ionstraim atá roghnaithe.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Is é is cuspóir don togra seo bearta CCSBT atá ina gceangal ar chomhaltaí an Choimisiúin Mhéadaithe a chur chun feidhme i ndlí an Aontais. Téitear i gcomhairle le saineolaithe náisiúnta agus le hionadaithe tionscail sa tréimhse go díreach roimh chruinnithe bliantúla CCSBT ar lena linn a ghlactar na moltaí sin agus ar feadh na caibidlíochta ag na cruinnithe. Dá bharr sin, níor measadh go raibh sé riachtanach comhairliúchán le páirtithe leasmhara a reáchtáil maidir leis an togra seo.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach.

- **Measúnú tionchair**

Ní bhaineann le hábhar. Baineann sé sin le cur chun feidhme beart atá infheidhme go díreach sna Ballstáit.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Níl aon bhaint ag an togra seo le REFIT.

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon iarmhairt ag an togra seo maidir le cosaint na gceart bunúsach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ag an togra seo.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Cumhdaítear leis an togra forálacha CCSBT is infheidhme maidir leis an Aontas, ag tabhairt san áireamh sainiúlacht chabhlach an Aontais (gan aon iascaireacht dhírithe, foghabhálacha de thaisme amháin agus nár tuairiscíodh aon fhoghabháil mar sin le gairid, gan aon

trasloingsithe ná tabhairt i dtír) agus an trádáil sa tuinnín gorm Deisceartach. Sa chleachtas, ní spreagfar formhór na n-oibleagáidí ach amháin má dhéanann cabhlach an Aontais foghabháil de thaisme ar an tuinnín gorm Deisceartach, rud nár tharla ó 2012, agus go gcoinníonn siad na héisc sin ar bord, rud nár tuairiscíodh go dtí seo. Leagtar síos ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe an togra sna forálacha.

Tá cosc ar dhíriú ar an tuinnín gorm Deisceartach, ní cheadaítear ach foghabháil. Déanfar soithí iascaireachta an Aontais a d'fhéadfadh an speiceas a fhoghabháil a chlárú i dtaifead CCSBT ar shoithí iascaireachta.

Cuireann an togra scéim um dhoiciméadacht ghabhála (CDS) CCSBT i bhfeidhm. Déanfar foghabhálacha tuinnín ghoirm Dheisceartaigh a chlibeáil le foirmeacha um chlibeáil gabhála, agus tá doiciméid allmhairiúcháin, onnmhairiúcháin agus ath- onnmhairiúcháin éigeantach chun an tuinnín gorm Deisceartach a thrádáil.

Déanfaidh Ballstáit bhrataí doiciméid um fhaireachán gabhála agus foirmeacha clibeála a bhailíochtú agus a fhíorú. Cuireann an togra forálacha CCSBT chun feidhme freisin a bhaineann le hathbhreithnithe agus le hiniúchtaí a bhaineann le CDS agus cothabháil taifid CDS.

Déanfar gach trasloingsiú den tuinnín gorm Deisceartach i gcalafoirt. Tá oibleagáid ann trasloingsithe a fhógairt agus dearbhuithe trasloingsithe a úsáid.

Cuirtear i bhfeidhm leis an togra, an dualgas le haghaidh comhair maidir le sonraí soithí iascaireachta a sholáthar: chun teagmhais a imscrúdú; maidir le comhar a bhaineann le soitheach iascaireachta an Aontais a áireamh ar liosta soithí Neamhdhleathacha, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte (NNN) CCSBT; maidir le cásanna tuairiscithe neamhchomhlíontachta; maidir le sáruithe ar chigireacht chalafoirt.

Cuirtear dualgais i bhfeidhm leis an togra freisin a bhaineann le tuarascálacha gabhála míosúla, agus le tuairisciú bliantúil agus tuairisciú comhlíontachta.

Áirítear sna cumhachtaí tarmligthe sa togra athruithe ar an bhfaisnéis arna soláthar le haghaidh taifead CCSBT ar shoithí iascaireachta, teorainneacha ama agus tréimhsí a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- tuairisciú le haghaidh foirmeacha um chlibeáil gabhála;
- coinneáil doiciméad CDS, agus fógra trasloingsithe;
- dearbhuithe trasloingsithe;
- faisnéis a bhaineann le liosta soithí IUU agus tuarascálacha iniúchta a sheoladh chuig Coiste um Chomhlíonadh CCSBT;
- faisnéis maidir leis an bpointe teagmhála le haghaidh iniúchtaí calafoirt, agus fógra maidir le moilleanna ar thuarascálacha cigireachta;
- tuairisciú tréimhsí foghabhálacha; agus
- spriocdhátaí chun tuarascálacha bliantúla a chur isteach.

2021/0242 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus bainistíochta chun an Tuinnín Gorm Deisceartach a Chaomhnú**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1]

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is cuspóir don Chomhbheartas Iascaigh (CBI), mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], a áirithiú go ndéanfar acmhainní bitheolaíocha na mara a shaothrú ar chaoi a chothóidh inbhuanaitheacht fhadtéarmach comhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta.

(2) Trí bhíthin Chinneadh 98/392/CE[3] ón gComhairle, d’fhormheas an tAontas Eorpach Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982. Trí bhíthin Chinneadh 98/441/CE ón gComhairle, d’fhormheas an tAontas an Comhaontú a bhaineann leis an gCoinbhinsiún sin a chur chun feidhme maidir le Bainistiú agus Caomhnú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Éisc Mór-imirceach[4], ina bhfuil prionsabail agus rialacha i dtaca le caomhnú agus bainistiú acmhainní bitheolaíocha na farraige. Faoi chuimsiú na n-oibleagáidí idirnáisiúnta eile atá air, bíonn an tAontas rannpháirteach in iarrachtaí a dhéantar in uiscí idirnáisiúnta chun stoic éisc a chaomhnú.

(3) Ní dhéantar foráil sa Choinbhinsiún um an Tuinnín Gorm Deisceartach a Chaomhnú (‘an Coinbhinsiún’), lenar bunaíodh an Coimisiún um an Tuinnín Gorm Deisceartach a

---

[1] IO

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

[3] Cinneadh 98/392/CE ón gComhairle an 23 Márta 1998 maidir leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt i gcrích Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 agus Chomhaontú an 28 Iúil 1994 maidir le cur chun feidhme Chuid XI de (IO L 179, 23.6.1998, lch. 1).

[4] Cinneadh 98/414/CE ón gComhairle an 8 Meitheamh 1998 maidir leis an gComhphobal Eorpach do dhaingniú an Chomhaontaithe a bhaineann le forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Mara an 10 Nollaig 1982 a chur chun feidhme i ndáil le caomhnú agus le bainistiú stoc éisc traslimistéir agus stoc éisc mórimirceach (IO L 189, 3.7.1998, lch. 14).

Chaomhnú (‘CCSBT’) maidir le haontachas eagraíochtaí réigiúnacha eacnamaíocha comhtháthaithe, amhail an tAontas Eorpach. Chun comhar a chur chun cinn i gcaomhnú agus i mbainistíocht an tuinnín ghoirm dheisceartaigh (‘SBF’), tá an Coimisiún Méadaithe um Chaomhnú an Tuinnín Ghoirm Dheisceartaigh (‘an Coimisiún Méadaithe’) cruthaithe ag CCSBT, inar féidir leis an Aontas a bheith rannpháirteach mar chomhalta. Maidir leis na cinntí a ghlacann an Coimisiún Méadaithe, is é a bhíonn iontu, ag deireadh an tseisiúin chuig a dtuairiscítear iad, cinntí de chuid CCSBT, mura gcinneann CCSBT a mhalairt. Tá na hoibleagáidí céanna ar chomhaltaí an Choimisiúin Mhéadaithe agus atá ar chomhaltaí CCSBT, lena n-airítear cinntí CCSBT a chomhlíonadh agus ranníocaíochtaí airgeadais a sholáthar do CCSBT.

(4) De bhun Cinneadh 2015/2437 (AE) ón gComhairle[5], tá an tAontas ina chomhalta den Choimisiún Méadaithe.

(5) Glacann CCSBT bearta bliantúla caomhnaithe agus bainistíochta trí bhíthin rún atá ceangailteach ar chomhaltaí an Choimisiúin Mhéadaithe, lena n-áirítear ar an Aontas.

(6) Murab ionann in Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistíochta Iascaigh (‘CMManna’) eile ina bhfuil an tAontas páirteach, níl aon soitheach iascaireachta ag an Aontas a dhíríonn ar an tuinnín gorm Deisceartach agus níor thuairiscigh sé ach foghabháil de thaisme den speiceas seo san am atá thart agus níor thuairiscigh siad aon fhoghabháil ó 2012. Mar sin féin, tá sé fós iomchuí cloí leis na bearta caomhnaithe agus bainistíochta ábhartha a ghlac CCSBT a bhaineann le gníomhaíochtaí agus saintréithe chabhlach an Aontais agus i ndáil le trádáil an tuinnín ghoirm Dheisceartaigh.

(7) Forluíonn limistéar dáileacháin an tuinnín ghoirm Dheisceartaigh le limistéir Choinbhinsiún an Choimisiúin um Thuinníní an Aigéin Indiaigh, an Choimisiúin Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir agus an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú, áiteanna ar thuairiscigh cabhlach spiléireachta an Aontais a dhíríonn ar thuinníní trópaiceacha agus ar speiceas atá cosúil le tuinníní méideanna teoranta foghabháil den tuinnín gorm Deisceartach san am atá thart.

(8) Leis an Rialachán seo, cuirtear chun feidhme na rúin ábhartha ó CCSBT a glacadh go dtí 2020, seachas i gcás beart ar cuid de dhlí an Aontais iad cheana féin. Ní chumhdaítear leis an Rialachán seo ach forálacha CCSBT is infheidhme maidir leis an Aontas, go háirithe ag tabhairt san áireamh sainiúlacht chabhlach an Aontais (gan aon iascaireacht dhírithe, foghabhálacha de thaisme amháin san am atá thart agus gan aon fhoghabháil ó 2012, gan aon trasloingsithe ná tabhairt i dtír) agus an trádáil sa tuinnín gorm Deisceartach. Sa chleachtas, ní spreagfar formhór na n-oibleagáidí ach amháin má dhéanann cabhlach an Aontais foghabháil de thaisme ar an tuinnín gorm Deisceartach, rud nár tharla ó 2012, agus go gcoinníonn siad na héisc sin ar bord, rud nár tuairiscíodh go dáta.

(9) Chun comhlíonadh CBI a áirithiú, glacadh reachtaíocht de chuid an Aontais chun córas rialaithe, cigireachta agus forfheidhmithe a bhunú, lena n-áirítear an comhrac in aghaidh iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte

[5] Cinneadh 2015/2437 (AE) ón gComhairle an 14 Nollaig 2015 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus an Coimisiún um an Tuinnín Gorm Deisceartach a Chaomhnú (CCSBT) i ndáil le ballraíocht an Aontais i gCoimisiún Méadaithe an Choinbhinsiúin um an Tuinnín Gorm Deisceartach a Chaomhnú (IO L 366, 23.12.2015, lch. 27).

(NNN). Go háirithe, le Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009[6] ón gComhairle, bunaítear córas rialaithe, cigireachta agus forfheidhmithe de chuid an Aontais ag a bhfuil cur chuige cuimsitheach agus comhtháite chun comhlíonadh rialacha uile CBI a áirithiú. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011[7] ón gCoimisiún, leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle. Le Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008[8] ón gComhairle, bunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht NNN a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú. Tá forálacha sna rialacháin sin cheana féin lena gcumhdaítear roinnt beart a leagtar síos i rúin ó CCSBT. Dá bhrí sin, ní gá na forálacha sin a áireamh sa Rialachán seo.

(10) I gcomhréir le hAirteagal 29(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, tá seasamh an Aontais in ERBInna le bheith bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil chun a áirithiú go mbainisteofar acmhainní iascaigh i gcomhréir le cuspóirí CBI, go háirithe leis an gcuspóir maidir le stoic éisc a athbhunú nó a chothabháil diaidh ar ndiaidh os cionn leibhéil bhithmhaise atá in acmhainn uastáirgeacht inbhuanaithe (‘UTI’) a thabhairt, agus leis an gcuspóir maidir le dálaí a chur ar fáil le haghaidh tionscal gabhála agus próiseála iascaireachta agus le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta ar talamh atá inmharthana agus iomaíoch ó thaobh na heacnamaíochta de.

(11) D’fhonn bearta CCSBT amach anseo a ionchorprú go tapa i ndlí an Aontais, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil leis an bhfaisnéis dá ndéantar foráil i dTaifead CCSBT ar Shoithí, agus teorainneacha ama nó tréimhsí a bhaineann le tuairisciú le haghaidh foirmeacha um chlibeáil gabhála, coinneáil doiciméad CDS, tarchur fógraí agus dearbhuithe trasloingsithe, tarchur faisnéise chuig Coiste um Chomhlíonadh CCSBT a bhaineann le liosta soithí agus tuarascálacha iniúchta NNN, tarchur faisnéise a bhaineann le pointe teagmhála le haghaidh cigireachtaí calafoirt, agus tarchur fógra maidir le moilleanna ar thíolacadh tuarascálacha ar chigireachtaí calafoirt, tarchur tuarascáil foghabhála, agus spriocdhátaí le haghaidh tuarascálacha bliantúla a thíolacadh.

(12) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] agus thug sé tuairim an … .

---

[6] Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009, lena mbunaítear córas rialaithe Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006, (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

[7] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail, chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú (IO L 112, 30.4.2011, lch. 1).

[8] Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1936/2001 agus (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1093/94 agus (CE) Uimh. 1447/1999 (IO L 286, 29.10.2008, lch. 1).

[9] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena

(13) Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúchán iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[10]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Ábhar*

Leagtar síos leis an Rialachán seo forálacha maidir le bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe a bhaineann le foghabháil an tuinnín ghoirm Dheisceartaigh (*Thunnus maccoyii*) faoin gCoinbhinsiún um an Tuinnín Gorm Deisceartach a Chaomhnú.

*Airteagal 2*
*Raon feidhme*

Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le soithí iascaireachta an Aontais atá ag iascaireacht i limistéar dáileacháin an tuinnín ghoirm Dheisceartaigh faoin gCoinbhinsiún um an Tuinnín Gorm Deisceartach a Chaomhnú agus maidir le Ballstáit atá ag allmhairiú agus ag onnmhairiú nó ag athonnmhairiú an tuinnín ghoirm Dheisceartaigh.

*Airteagal 3*
*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) Ciallaíonn ‘CCSBT’ an Coimisiún um an Tuinnín Gorm Deisceartach a Chaomhnú;

(b) Ciallaíonn ‘SBF’ Tuinnín gorm Deisceartach nó táirgí éisc de thionscnamh an tuinnín ghoirm Dheisceartaigh;

(c) Ciallaíonn ‘Coinbhinsiún’ an Coinbhinsiún um an Tuinnín Gorm Deisceartach a Chaomhnú;

(d) Ciallaíonn ‘Taifead CCSBT ar shoithí’ an taifead ar shoithí arna bhunú ag CCSBT atá údaraithe chun SBF a iascach nó a fhoghabháil;

(e) Ciallaíonn ‘soitheach iascaireachta an Aontais’ aon soitheach a bhfuil bratach Bhallstáit ar foluain air, a úsáidtear, nó a bheartaítear a úsáid chun acmhainní bitheolaíocha na mara a shaothrú ar bhonn tráchtála, lena n-áirítear soithí tacaíochta, soithí próiseála éisc, soithí a ghabhann don trasloingsiú agus soithí iompair atá feistithe chun táirgí iascaigh a iompar, seachas soithí coimeádán;

(f) Ciallaíonn ‘trasloingsiú’ na táirgí iascaigh uile atá ar bord soitheach iascaireachta nó aon chuid díobh sin a dhíluchtú chuig soitheach iascaireachta eile;

---

n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

10 Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

(g) Ciallaíonn ‘clib SBF’ lipéad seachtrach a cheanglaítear leis an SBF iomlán ina bhfuil faisnéis maidir leis an iasc aonair;

(h) Ciallaíonn ‘CDS CCSBT’ an scéim um dhoiciméadacht ghabhála shonrach le haghaidh SBF arna bunú ag CCSBT atá comhdhéanta den fhoirm um fhaireachán gabhála, foirm um chlibeáil gabhála agus foirm onnmhairiúcháin nó athonnmhairiúcháin;

(i) Ciallaíonn ‘foirm um fhaireachán gabhála’ an doiciméad CDS ina dtaifeadtar faisnéis maidir le gabháil, trasloingsiú, onnmhairiú agus allmhairiú SBF;

(j) Ciallaíonn ‘foirm um chlibeáil gabhála’ an doiciméad CDS ina dtaifeadtar faisnéis maidir le hiasc aonair a chlibeáiltear;

(k) Ciallaíonn ‘allmhairiú’ SBF a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais, lena n-áirítear chun críocha trasloingsithe ag calafoirt ina chríoch;

(l) Ciallaíonn ‘onnmhairiú nó athonnmhairiú’ doiciméad CDS ina bhfuil faisnéis ar SBF atá rianaithe cheana féin ar an bhfoirm um monatóireacht gabhála maidir le hallmhaire a dhéantar a onnmhairiú nó a athonnmhairiú i bpáirt nó ina iomláine;

(m) Ciallaíonn ‘onnmhairiú’ aon ghluaiseacht chuig tríú tír de chuid SBF arna saothrú ag soithí iascaireachta an Aontais;

(n) Ciallaíonn ‘athonnmhairiú’ aon ghluaiseacht SBF ó chríoch an Aontais a allmhairíodh isteach i gcríoch an Aontais roimhe sin;

(o) Ciallaíonn ‘SBF iomlán’ SBF nach ndearnadh filléadú ná gearradh air;

(p) Ciallaíonn ‘SBF próiseáilte’ SBF a glanadh, ar baineadh na geolbhaigh as, ar baineadh na putóga as, a reodh chun na heití, clúidíní (plátaí/cumhdaigh geolbhaigh) agus eireaball a bhaint agus an ceann nó codanna den cheann a bhaint;

(q) Ciallaíonn ‘codanna SBF seachas an fheoil’ an ceann, na súile, eochraí, putóga agus eireabaill;

(r) Ciallaíonn ‘Rúnaíocht CCSBT’ an Rúnaíocht arna bunú ag CCSBT;

(s) Ciallaíonn ‘Dearbhú trasloingsithe CCSBT’ Iarscríbhinn I le Rún CCSBT maidir le Clár Trasloingsithe a Bhunú ag Soithí Iascaireachta Mórscála[11];

(t) Ciallaíonn ‘bearta caomhnaithe agus bainistíochta CCSBT’ na rúin agus bearta ceangailteacha eile arna nglacadh ag CCSBT;

(u) Ciallaíonn ‘tuarascáil achoimre VMS bhliantúil’ doiciméad Cheangaltán A de CCSBT-CC/0910/06 i gcás ina soláthraítear faisnéis VMS ábhartha[12];

(v) Ciallaíonn ‘Coiste um Chomhlíonadh CCSBT’ fochomhlacht CCSBT a dhéanann faireachán, athbhreithniú agus measúnú ar chomhlíonadh bhearta caomhnaithe agus bainistíochta CCSBT;

(w) Ciallaíonn ‘dréachtliosta CCSBT de shoithí NNN’ an chéad liosta arna chur i dtoll a chéile ag Rúnaíocht CCSBT.

---

[11] https://www.ccsbt.org/sites/default/files/userfiles/file/docs_english/operational_resolutions/Resolution_Transhipment.pdf

[12] https://www.ccsbt.org/en/system/files/resource/en/4d9169c192044/cc06.pdf

*Airteagal 4*
*Cosc ginearálta ar dhíriú ar SBF*

Beidh cosc ar shoithí iascaireachta an Aontais a bheith ag díriú ar SBF. Maidir le haon SBF a choinnítear ar bord soithí iascaireachta an Aontais, áireofar mar fhoghabháil go heisiach é.

*Airteagal 5*
*Taifead CCSBT ar shoithí*

1. Tabharfaidh Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas don Choimisiún i ndáil le gach soitheach iascaireachta de chuid an Aontais atá údaraithe ag na Ballstáit bhrataí chun foghabháil SBF a bheith san áireamh i dTaifead CCSBT ar Shoithí:

   (a) uimhir Lloyds/IMO;

   (b) ainm an tsoithigh (ainm na soithí), an uimhir chlárúcháin (na huimhreacha clárúcháin);

   (c) an t-ainm (na hainmneacha) a bhí air roimhe (más ann dó/dóibh);

   (d) an bhrat (na brataí) a bhí air roimhe (más ann di/dóibh);

   (e) mionsonraí a scriosta ó chláir eile (más ann dóibh);

   (f) glao-chomhartha (glao-chomharthaí) idirnáisiúnta raidió (más ann dó/dóibh);

   (g) cineál an tsoithigh/na soithí, fad foriomlán agus olltonnáiste cláraithe (OTC);

   (h) ainm agus seoladh an úinéara/na n-úinéirí;

   (i) ainm agus seoladh an oibreora/na n-oibreoirí;

   (j) an trealamh a úsáidtear; agus

   (k) an tréimhse ama atá údaraithe le haghaidh na hiascaireachta SBF agus/nó an trasloingsithe.

2. Beidh cosc ar shoithí iascaireachta an Aontais nach bhfuil i dTaifead CCSBT ar Shoithí ó SBF a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a onnmhairiú.

3. Tabharfaidh Ballstáit le fios, agus a liosta soithí á chur isteach acu de réir mhír 1, na soithí sin a cuireadh leis den chéad uair agus iad sin a chuirtear in ionad soithí atá ar an liosta faoi láthair.

4. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún gan mhoill faoi aon mhodhnú ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil faoi mhír 1. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht CCSBT gan mhoill.

5. I gcás ina raibh soitheach iascaireachta de chuid an Aontais bainteach le gníomhaíochtaí iascaireachta NNN, ní féidir le Ballstát ach faisnéis mhír 1 a sheoladh chuig an gCoimisiún tar éis dó gealltanas leordhóthanach a fháil ó úinéir an tsoithigh lena mbaineann nach dtabharfaidh sé faoi na gníomhaíochtaí sin a thuilleadh.

*Airteagal 6*
*Clibeáil SBF*

1. I gcás ina bhfuil sé i gceist SBF a fhoghabhann soithí iascaireachta an Aontais a onnmhairiú nó a athonnmhairiú, ceanglófar clib SBF le gach SBF iomlán tráth an tsaothraithe. I gcásanna eisceachtúla, i gcás ina mbaintear clib de thaisme agus nach féidir í a cheangal arís, ceanglófar clib athsholáthair a luaithe agus is féidir agus nach déanaí ná tráth an trasloingsithe nó an onnmhairithe.

2. Ní féidir SBF iomlán neamhphróiseáilte a allmhairiú, a onnmhairiú, ná a athonnmhairiú gan clib SBF seachas i gcás nach bhfuil an chlib ag teastáil níos mó toisc gur tharla tuilleadh próiseála.

3. Ceanglófar an chlib SBF le gach iasc aonair fad is a fhanann an conablach éisc iomlán agus áireofar uirthi mí, limistéar, modh gabhála, agus meáchan agus fad gach SBF.

4. Beidh uimhir chlibe réamhthaifeadta uathúil ar gach clib SBF atá inléite go héasca lena n-áireofar aitheantóir stáit brataí uathúil agus aitheantóir bliana iascaireachta. Beifear in ann clibeanna SBF a cheangal go daingean ar SBF, beifear in ann iad a athúsáid, beidh siad dosháraithe agus slán ó ghóchumadh agus ó mhacasamhlú. Beidh clibeanna SBF in ann teochtaí lúide seasca céim Celsius ar a laghad, uisce sáile agus láimhseáil gharbh a sheasamh agus beidh siad slán i gcomhair bia.

5. Taifeadfaidh Ballstáit bhrataí dáileadh clibeanna SBF chuig na soithí a mbíonn a mbrait in airde acu agus áiritheoidh siad go mbeidh nósanna imeachta tuairiscithe agus formáidí tuairiscithe lena gceadaítear an fhaisnéis chlibeála is gá a bhailiú ag a soithí agus a n-oibreoirí, agus ag na húdaráis ábhartha.

*Airteagal 7*
*Foirmeacha um chlibeáil gabhála*

1. I gcás ina bhfuil sé i gceist SBF a fhoghabhann soithí iascaireachta an Aontais a onnmhairiú nó a athonnmhairiú, comhlánófar foirm um chlibeáil gabhála a luaithe agus is féidir tar éis tráth saothraithe SBF aonair. Déanfar toisí faid agus meáchain sula reofar an SBF.

2. I gcás nach féidir toisí a ghlacadh go beacht ar bord an tsoithigh, is féidir na toisí agus an fhoirm um chlibeáil gabhála lena mbaineann a dhéanamh tráth an trasloingsithe, agus i gcás ar bith sula ndéanfar aon aistriú eile ar an SBF.

3. Soláthróidh Máistrí soithí iascaireachta an Aontais na foirmeacha comhlánaithe um chlibeáil gabhála d’údaráis na mBallstát brataí. Cuirfidh Ballstáit isteach an fhaisnéis sna foirmeacha um chlibeáil gabhála faoi bhráid an Choimisiúin ar bhonn ráithiúil. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht CCSBT gan mhoill.

*Airteagal 8*
*Trádáil SBF*

1. Beidh doiciméid agus clibeanna CDS CCSBT, de réir mar is iomchuí, dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ag gabháil le hallmhairithe, onnmhairithe agus athonnmhairithe uile SBF.

2. Ceadaítear allmhairiú, onnmhairiú agus athonnmhairiú chodanna SBF seachas an fheoil gan an fhoirm allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin, de réir mar is iomchuí.

*Airteagal 9*
*Allmhairithe SBF isteach san Aontas*

1. Beidh an deimhniú gabhála mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle i dteannta SBF a allmhairítear isteach san Aontas mar aon leis an bhfoirm onnmhairiúcháin nó athonnmhairiúcháin, de réir mar is iomchuí.

2. Ní ghlacfaidh Ballstáit le haon choinsíneacht SBF le haghaidh allmhairithe nach bhfuil doiciméid agus clibeanna CDS CCSBT is gá ina dteannta, de réir mar is iomchuí.

3. Ní ghlacfar le coinsíneachtaí iomlána nó páirteacha de SBF neamhphróiseáilte neamhchlibeáilte iomlána lena n-allmhairiú.

*Airteagal 10*
*Onnmhairithe nó athonnmhairithe SBF*

1. Gan dochar do bhailíochtú onnmhairiú gabhálacha a dhéanann soithí iascaireachta an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 15(1) de Rialachán (CE) Uimh 1005/2008 ón gComhairle, beidh an fhoirm onnmhairiúcháin nó athonnmhairiúcháin, de réir mar is iomchuí, ag gabháil le honnmhairithe nó le hathonnmhairithe SBF ag Ballstáit.

2. Ní bhailíochtóidh Ballstáit aon choinsíneacht SBF le haghaidh onnmhairithe nó athonnmhairithe gan doiciméid agus clibeanna CDS CCSBT a bheith ina dteannta, de réir mar is iomchuí.

3. Ní bhailíochtófar coinsíneachtaí iomlána nó páirteacha de SBF neamhphróiseáilte neamhchlibeáilte iomlána lena n-onnmhairiú nó lena n-athonnmhairiú.

*Airteagal 11*
*Bailíochtú dhoiciméid CDS CCSBT arna n-eisiúint ag na Ballstáit bhrataí nó ag na Ballstáit*

1. Déanfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit brataí nó an Bhallstáit, de réir mar is iomchuí, fíorú ar na foirmeacha um fhaireachán gabhála, um chlibeáil gabhála, onnmhairiúcháin agus athonnmhairiúcháin. Ní bhailíochtóidh siad aon fhoirm ná aon doiciméad CDS CCSBT atá neamhiomlán ná a bhfuil faisnéis mhícheart orthu.

2. Cuirfidh na Ballstáit bhrataí an Coimisiún ar an eolas maidir lena n-údaráis inniúla le haghaidh bhailíochtú na ndeimhnithe gabhála dá dtagraítear i mír 1 i gcás nach ionann na húdaráis sin agus na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 15(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht CCSBT gan mhoill.

3. Tabharfaidh Ballstáit faoi leibhéal iomchuí iniúchta, lena n-áirítear iniúchtaí ar shoithí, ar thabhairt i dtír, agus i gcás inar féidir ar mhargaí, a mhéid is gá chun an fhaisnéis atá i ndoiciméadacht CDS a bhailíochtú agus chun na sonraí maidir leis na bearta ar tugadh fúthu lena áirithiú go gcomhlíontar an mhír seo a thuairisciú chuig an gCoimisiún.

*Airteagal 12*
*Fíorú dhoiciméid CDS CCSBT arna bhfáil ag Ballstáit*

1. Tabharfaidh Ballstáit faoi leibhéal iomchuí fíoruithe, lena n-áirítear iniúchtaí ar shoithí, ar thabhairt i dtír, agus i gcás inar féidir ar mhargaí, a mhéid is gá chun an fhaisnéis atá i ndoiciméid CDS CCSBT a bhailíochtú. Ní bhailíochtóidh siad aon fhoirm ná aon doiciméad CDS CCSBT atá neamhiomlán ná a bhfuil faisnéis mhícheart orthu.

2. Gan dochar do na fíoruithe in Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh 1005/2008 ón gComhairle, áiritheoidh Ballstáit go sainaithníonn a n-údaráis inniúla gach coinsíneacht SBF a allmhairítear isteach san Aontas, nó a onnmhairítear nó a

athonnmhairítear ón Aontas, agus scrúdóidh siad doiciméid CDS CCSBT le haghaidh gach coinsíneacht SBF. Féadfaidh na húdaráis inniúla scrúdú a dhéanamh freisin ar inneachar na coinsíneachta chun an fhaisnéis atá i ndoiciméad CDS CCSBT agus sna doiciméid ghaolmhara a fhíorú agus, i gcás inar gá, déanfaidh siad fíoruithe in éineacht leis na hoibreoirí lena mbaineann.

3. Tuairisceoidh Ballstáit chuig an gCoimisiún sonraí maidir leis na bearta ar tugadh fúthu lena áirithiú go gcomhlíontar an fhoráil sin.

4. Tabharfaidh gach Ballstát fógra don Choimisiún, a luaithe agus is indéanta, maidir le haon choinsíneacht SBF a bhfuil amhras fúithi i dtaobh na faisnéise atá in aon doiciméad CDS CCSBT nó i ndoiciméid lena mbaineann, nó doiciméid CDS CCSBT neamhiomlána, atá ar iarraidh nó nach bhfuil bailíochtaithe. Tuairisceoidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht IATTC gan mhoill.

*Airteagal 13*
*Athbhreithniú agus iniúchadh ar thuarascálacha CDS CCSBT*

1. I gcás ina bhfaigheann a Coimisiún tuarascáil ó Rúnaíocht CCSBT maidir le cur chun feidhme forálacha CDS CCSBT ina bhfuil faisnéis atá le hathbhreithniú ag Ballstát, cuirfidh sé an tuarascáil sin ar aghaidh gan mhoill chuig an mBallstát ábhartha, a dhéanfaidh athbhreithniú ar an bhfaisnéis agus a dhéanfaidh iniúchadh ar aon mhírialtacht.

2. Comhoibreoidh gach Ballstát agus glacfaidh sé na céimeanna uile is gá chun iniúchadh a dhéanamh ar cheisteanna maidir le cur chun feidhme CDS CCSBT agus tabharfaidh siad fógra don Choimisiún maidir le toradh aon ghnímh den sórt sin.

3. Comhoibreoidh Ballstáit lena áirithiú nach bhfuil doiciméid CDS CCSBT brionnaithe agus/nó nach bhfuil bréagfhaisnéis iontu.

*Airteagal 14*
*Taifid ar dhoiciméid CDS CCSBT*

1. Coinneoidh na Ballstáit gach doiciméad bunaidh CDS CCSBT, nó cóipeanna scanta leictreonacha de na doiciméid bhunaidh, a fhaigheann siad ar feadh tréimhse trí bliana nó níos faide i gcomhréir le rialacha náisiúnta.

2. Coinneoidh Ballstáit freisin cóip d’aon doiciméad CDS CCSBT arna eisiúint acu ar feadh tréimhse 3 bliana nó níos faide i gcomhréir le rialacha náisiúnta.

3. Cuirfear ar aghaidh chuig an gCoimisiún gan mhoill cóipeanna de na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 agus 2, seachas an fhoirm um chlibeáil gabhála, tráth nach déanaí ná deireadh na ráithe tar éis an dáta a eisíodh nó a fuarthas iad, lena gcur faoi bhráid Rúnaíocht CCSBT .

*Airteagal 15*
*Calafoirt trasloingsithe*

1. Is i gcalafort a dhéanfar gach trasloingsiú SBF i gcalafoirt.

2. Ainmneoidh na Ballstáit bhrataí calafoirt trasloingsithe SBF le haghaidh soithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu agus déanfaidh siad cumarsáid leis na Stáit chalafoirt ainmnithe chun faisnéis ábhartha is gá a roinnt chun faireachán éifeachtach a dhéanamh.

*Airteagal 16*
*Fógra trasloingsithe*

1. Sula ndéanfar trasloingsiú, ní mór do mháistir an tsoithigh iascaireachta de chuid an Aontais an fhaisnéis seo a leanas a chur in iúl d'údaráis Stát an chalafoirt, 48 uair an chloig ar a laghad roimh ré nó de réir mar a shonraíonn údaráis Stát an chalafoirt, nó láithreach tar éis dheireadh na n-oibríochtaí iascaireachta má tá an t-am chuig an gcalafort níos giorra ná 48 uair an chloig:

   (a) ainm an tsoithigh iascaireachta de chuid an Aontais agus a uimhir i dtaifead soithí CCSBT;

   (b) an táirge SBF atá le trasloingsiú agus a thonnáiste;

   (c) dáta agus suíomh an trasloingsithe;

   (d) limistéar nó folimistéar FAO an SBF de réir gabhálacha.

2. Tráth an trasloingsithe, cuirfidh máistir an tsoithigh iascaireachta de chuid an Aontais in iúl dá Bhallstát brataí na nithe seo a leanas:

   (a) na táirgí agus na méideanna SBF lena mbaineann;

   (b) dáta agus áit an trasloingsithe;

   (c) ainm, uimhir chláraithe agus bratach an tsoithigh iompair fála, agus a uimhir i dtaifead soithí CCSBT atá údaraithe chun trasloingsithe a fháil;

   (d) cód alfa-3 an limistéir nó folimistéir FAO de na gabhálacha SBF.

*Airteagal 17*
*Dearbhú Trasloingsithe CCSBT*

1. Déanfaidh máistir an tsoithigh iascaireachta de chuid an Aontais atá páirteach i dtrasloingsiú SBF dearbhú trasloingsithe CCSBT a chomhlánú agus tarchuirfidh sé chuig a Bhallstát brataí é, mar aon le huimhir an tsoithigh i dtaifead soithí iascaireachta CCSBT.

2. De mhaolú ar Airteagal 22(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, cuirfear dearbhú trasloingsithe CCSBT chuig an mBallstát brataí 15 lá ar a dhéanaí tar éis an trasloingsithe.

*Airteagal 18*
*Córas um Fhaireachán Soithí (VMS)*

1. I gcás ina bhfaigheann an Coimisiún iarratas ó chomhalta nó ó neamhchomhalta comhair den Choimisiún Méadaithe chun sonraí VMS a sholáthar maidir le soitheach iascaireachta de chuid an Aontais i dtaca le heachtra a bhaineann le soitheach iascaireachta sonrach de chuid an Aontais a bhfuil amhras ina thaobh gur oibrigh sé de shárú ar bhearta caomhnaithe agus bainistíochta CCSBT, cuirfidh an Coimisiún ar aghaidh é gan mhoill chuig an mBallstát ábhartha.

2. Déanfaidh Ballstát brataí an tsoithigh sin iniúchadh ar an eachtra agus cuirfidh sé sonraí an iniúchta ar fáil don Choimisiún agus tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin gan mhoill chuig an gcomhalta nó an neamhchomhalta comhair a d'iarr na sonraí VMS.

3. Soláthróidh soithí Bhallstáit bhrataí a d’fhoghabh SBF i mbliain ar leith an Tuarascáil achoimre bhliantúil VMS le haghaidh na bliana sin don Choimisiún 6 seachtaine roimh chruinniú Choiste um Chomhlíonadh CCSBT lena tarchur chuig Rúnaíocht CCSBT.

*Airteagal 19*
*Soitheach iascaireachta de chuid an Aontais a áireamh ar dhréachtliosta soithí NNN CCSBT*

1. I gcás ina bhfaigheann an Coimisiún fógra ó Rúnaíocht CCSBT go bhfuil soitheach iascaireachta de chuid an Aontais ar dhréachtliosta soithí NNN CCSBT, déanfaidh sé an fógra sin, lena n-áirítear an fhianaise thacaíochta agus aon fhaisnéis dhoiciméadaithe eile a sholáthróidh Rúnaíocht CCSBT, a tharchur chuig an mBallstát brataí lena mbaineann mar eolas agus chun barúlacha a fháil. Scrúdóidh an Coimisiún an fhaisnéis a chuir an Ballstát brataí ar fáil maidir le soitheach a áireamh ar dhréachtliosta soithí NNN CCSBT agus cuirfidh sé ar aghaidh an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht CCSBT 6 seachtaine ar a laghad roimh chruinniú Choiste um Chomhlíonadh CCSBT.

2. A luaithe a bheidh fógra faighte acu ón gCoimisiún, déanfaidh údaráis an Bhallstáit brataí fógra a thabhairt gan mhoill d’úinéir an tsoithigh iascaireachta á rá go bhfuil an soitheach curtha san áireamh i nDréachtliosta soithí NNN CCSBT agus cuirfear in iúl don úinéir na hiarmhairtí a d’fhéadfadh a bheith ag baint le háireamh faoi dheireadh an tsoithigh sin ar liosta soithí NNN arna ghlacadh ag CCSBT.

*Airteagal 20*
*Stádas neamhchomhlíonta líomhnaithe arna thuairisciú ag Rúnaíocht CCSBT*

1. Má fhaigheann an Coimisiún aon fhaisnéis ó Rúnaíocht CCSBT lena léirítear go bhfuil stádas neamhchomhlíonta féideartha ag Ballstát leis an gCoinbhinsiún agus/nó le bearta caomhnaithe agus bainistíochta CCSBT,, tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig an mBallstát lena mbaineann gan mhoill.

2. Déanfaidh an Ballstát fionnachtana aon imscrúdú a dhéantar i ndáil leis an stádas neamhchomhlíonta féideartha agus aon bheart atá déanta chun aghaidh a thabhairt air, a sholáthar don Choimisiún 8 seachtaine ar a laghad roimh chruinniú bliantúil Choiste um Chomhlíonadh CCSBT.

*Airteagal 21*
*Pointí teagmhála agus sáruithe líomhnaithe ar bheartas caomhnaithe agus bainistíochta CCSBT tar éis iniúchadh calafoirt ag Comhalta CCSBT*

1. Ainmneoidh Ballstáit an chalafoirt pointe teagmhála chun tuarascálacha cigireachta calafoirt a fháil ó chomhaltaí CCSBT.

2. Déanfaidh na Ballstáit aon athrú ar an bpointe teagmhála ainmnithe a tharchur chuig an gCoimisiún 21 lá ar a laghad sula ngabhfaidh éifeacht leis na hathruithe. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht CCSBT 14 lá ar a laghad sula ngabhfaidh éifeacht leis na hathruithe sin.

3. Má fhaigheann an pointe teagmhála atá ainmnithe ag Ballstát tuarascáil chigireachta ó Chomhalta CCSBT, ar tuarascáil í ina soláthraítear fianaise go bhfuil sárú déanta ag soitheach iascaireachta a bhfuil bratach an Bhallstáit sin ar foluain aige ar bhearta caomhnaithe agus bainistíochta CCSBT, imscrúdóidh an Ballstát brataí an sárú líomhnaithe go pras agus tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoi stádas an

imscrúdaithe, agus faoi aon bheart forfheidhmithe a d'fhéadfadh a bheith déanta chun a chumasú don Choimisiún Rúnaíocht CCSBT a chur ar an eolas laistigh de 3 mhí ón bhfógra a fháil ón mBallstát.

4. Más rud é nach féidir leis an mBallstát tuarascáil stádais a sholáthar don Choimisiún laistigh de 6 mhí ón tuarascáil chigireachta a fháil, déanfaidh sé, roimh dheireadh na tréimhse 6 mhí sin, fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na cúiseanna leis sin agus faoin dáta a dtíolacfar an tuarascáil stádais. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis maidir le stádas an imscrúdaithe, nó maidir leis an moill ar an imscrúdú, a tharchur gan mhoill chuig Rúnaíocht CCSBT.

*Airteagal 22*
*Tuairisciú míosúil ar fhoghabhálacha*

Tuairisceoidh na Ballstáit bhrataí ar ghabh a soithí faoi bhratach SBF, chuig an gCoimisiún ar an 15[ú] lá de gach mí maidir leis an bhfoghabháil don mhí roimhe sin i gcomhréir le hAirteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh 1224/2009. Áireofar san fhaisnéis atá le tuairisciú don Choimisiún freisin aon aischur agus faisnéis maidir lena raibh an fhoghabháil aischurtha beo agus bríomhar, díbheo nó marbh agus an fhoghabháil SBF iomlán carnach don bhliain. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht CCSBT tráth nach déanaí ná an lá deiridh de gach mí.

*Airteagal 23*
*Tuairisciú bliantúil*

1. Tuairisceoidh Ballstáit don Choimisiún 6 seachtaine ar a laghad roimh chruinniú bliantúil Choiste um Chomhlíonadh CCSBT an fhaisnéis a leanas:

   (a) sonraí maidir le haon iniúchadh ar tugadh faoi i gcomhréir le hAirteagal 12 chun an fhaisnéis atá i ndoiciméadacht CDS a bhailíochtú;

   (b) cainníochtaí agus céatadán SBF a trasloingsíodh sa chalafort i rith an tséasúir iascaireachta roimhe sin agus an liosta soitheach a bhfuil a bhrat ar foluain acu agus a thrasloingsigh sa chalafort i rith an tséasúir iascaireachta roimhe sin.

   (c) Ballstáit bhrataí ar fhoghabh a soithí faoi bhratach SBF, tuairisceoidh siad chuig an gCoimisiún maidir leis an bhfoghabháil bhliantúil don bhliain i gcomhréir le hAirteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, lena n-áirítear aon aischur agus faisnéis maidir lena raibh an fhoghabháil aischurtha beo agus bríomhar, díbheo nó marbh, agus Tuarascáil achoimre bhliantúil VMS.

*Airteagal 24*
*Rúndacht*

I dteannta na n-oibleagáidí a leagtar síos in Airteagail 112 agus 113 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún go ndéileálfar ar bhonn rúnda leis na tuarascálacha leictreonacha agus leis na teachtaireachtaí leictreonacha a tharchuirfear chuig Rúnaíocht WCPFC agus a gheofar uaithi.

*Airteagal 25*
*Cumhacht a tharmligean*

1. Cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena leasaítear nó lena bhforlíontar an Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 26 a bhaineann le bearta a ghlac CCSBT sna réimsí seo a leanas:

   (a) soithí iascaireachta de chuid an Aontais ag díriú ar SBF Airteagal 4;

(b) an fhaisnéis atá le soláthar chun soitheach a áireamh ar Thaifead CCSBT ar Shoithí in Airteagal 5;

(c) na teorainneacha ama nó tréimhsí a bhaineann le tuairisciú le haghaidh foirmeacha um chlibeáil gabhála a leagtar síos in Airteagal 7(3), coinneáil doiciméad CDS a leagtar síos in Airteagal 14(2), tarchur fógraí agus dearbhuithe trasloingsithe a leagtar síos in Airteagal 16(1), tarchur faisnéise chuig Coiste um Chomhlíonadh CCSBT a bhaineann le liosta soithí agus tuarascálacha iniúchta NNN a leagtar síos in Airteagal 19(1) agus Airteagal 20(1), tarchur faisnéise a bhaineann le pointe teagmhála le haghaidh cigireachtaí calafoirt a leagtar síos in Airteagal 21(2), tarchur tuarascáil foghabhála a leagtar síos in Airteagal 22, agus spriocdháta le haghaidh tuarascálacha a thíolacadh a leagtar síos in Airteagal 23(1).

2. Maidir le gníomhartha tarmligthe lena leasaítear nó lena bhforlíontar an Rialachán seo i gcomhréir le mír 1, beidh siad teoranta go docht do chur chun feidhme na leasuithe ar na bearta CCSBT i ndlí an Aontais.

*Airteagal 26*
*An tarmligean a fheidhmiú*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 25 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 25 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra faoi, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle .

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 25 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 27*
*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |